**Ráiteas Tosaigh**

A Chathaoirligh, a Leaschathaoirligh, agus baill den choiste,

Gabhaim buíochas libh as bhur gcuireadh chun tuairimí Fhórsa d'earcaíocht sa tseirbhís phoiblí a chur i láthair ag tabhairt aird ar an bhforáil in Acht na dTeangacha Oifigiúla a éilíonn go mbeadh cumas maith Gaeilge ag 20% d'earcaigh sa tseirbhís phoiblí. Is aidhm leis an bhforáil sin a chinntiú go bhfuil teacht ag an bpobal ar sheirbhísí dátheangacha i nGaeilge agus i mBéarla agus go mbeidh an Stát in ann a chuid seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach sa dá theanga.

Tacaíonn Fórsa go hiomlán le tionscnaimh a chuireann ar chumas oibrithe úsáid a bhaint as an nGaeilge, ina saol gairmiúil agus ina saol sóisialta. Cuirimid fáilte roimh thuilleadh úsáide agus taitnimh a bheith á baint as ár teangacha náisiúnta inár láithreacha oibre agus inár bpobail chomh maith le hoibrithe a bheith ag cur lena gcuid Gaeilge agus ag éirí níos líof, dhá rud a bhfuilimid ag súil go mór leo freisin.

Tá ár gceardchumann ag tacú lenár dteanga a chur chun cinn le fada an lá. Rithimid Scéim Gaeltachta Fhórsa gach bliain, rud a chuireann ranníocaíocht ar fáil i leith táillí Gaeltachta a bhíonn le híoc ag leanaí, agus rinneamar leathnú ar an scéim i mbliana ionas go mbeidh níos mó teaghlaigh in ann leas a bhaint as an scéim. Chuireamar feachtas ar bun freisin chun cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht do státseirbhísigh a mbeadh fonn orthu Gaeilge a úsáid ina gcuid oibre.

Anois ós rud é go bhfuil sprioc dhlithiúil ann go mbeadh cumas sa teanga ag 20% d'earcaigh san earnail phoiblí, ba mhaith linn a chinntiú go mbeadh rochtain chóir dhóthanach ag ár mbaill ar oiliúint. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin fáil a bheith ar chúrsaí Gaeilge agus am saor le pá óna gcuid gnáthdhualgas chun a gcuid foghlama agus a gcuid uasoiliúna sa teanga a éascú ionas go mbainfidh siad amach an cumas atá ag teastáil.

Tá an sprioc atá leagtha amach sa dlí uaillmhianach. Mar sin féin, is údar imní é nach bhfuil rannpháirtíocht ná idirbheartaíocht fhiúntach ag gabháil ar aghaidh leis na ceardchumainn, go háirithe i bhfianaise na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don lucht oibre atá ann faoi láthair. Ní dheachaigh an rialtas i gcomhairle le Fórsa, cé gurb é an ceardchumann is mó é a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe san earnáil phoiblí, nuair a bhíothas ag ullmhú an Phlean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí as Gaeilge, ná don Phlean Gníomhaíochta do 2025-2027 atá ar na bacáin.

Tá a fhios againn gur ag thart ar 11% den tseirbhís phoiblí atá an cumas a bhfuil gá leis chun a gcuid oibre a dhéanamh i nGaeilge faoi láthair. Cuireadh béim ar an taighde seo sa Phlean Náisiúnta do Sheirbhísí as Gaeilge a rinne Ollscoil na Gaillimhe. Tá a fhios againn chomh maith

ó fhigiúirí an daonáirimh, nach labhraíonn ach níos lú ná 2% den daonra an Ghaeilge ar bhonn laethúil.

Aontaímid go diongbháilte gur chóir go mbeadh an rogha ag daoine fáil a bheith acu ar ár seirbhísí poiblí inár dteanga náisiúnta. Mar sin féin, ní mór go mbeadh éileamh ar sheirbhísí poiblí le go ndéanfaí soláthar orthu, ar gné é atá aitheanta sa Phlean Náisiúnta freisin. Mar sin féin, níl an chuma ar an scéal go bhfuil aon sonraí ar fáil chun an méid éilimh atá ag úsáideoirí seirbhíse feadh na hearnála poiblí faoi láthair a aithint.

Caithfidh aon dearadh ar chleachtais earcaíochta a d'fhéadfadh srian nó teorainn a chur le deiseanna fostaíochta do dhaoine aonair nach bhfuil cumas sa Ghaeilge acu a bheith bunaithe ar fhianaise agus nasctha le héileamh seirbhíse.

Ina theannta sin, ní mór idirbheartaíocht a dhéanamh idir ceardchumainn agus an fostóir ar aon bhearta earcaíochta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar ár mbaill trína ngluaiseacht laistigh den tseirbhís phoiblí a theorannú nó trína rochtain ar dheiseanna ardú céime a laghdú.

Tacaíonn ár mbaill le cur chuige dearfach, bunaithe ar réitigh chun cur le húsáid na Gaeilge agus le caighdeán na seirbhísí poiblí as Gaeilge. Mar sin féin, níor chóir go ndéanfaí faillí ar an lucht oibre diongbháilte atá san earnáil phoiblí faoi láthair agus a oibríonn go crua, chun an cuspóir tábhachtach seo a bhaint amach.

Iarraimid ar an Rialtas mar sin dul i dteagmháil láithreach le ceardchumainn maidir leis an ábhar agus molaimid go láidir don Choiste seo an moladh sin a chur os comhair an Rialtais.

Sula dtagaimid chun críche, ba chóir dúinn aird a tharraingt ar an mbagairt ciníochais agus ar an dearcadh frithimirceach atá ag dul i méid ar ár sráideanna. Agus nuair a bhíonn ciníochas ar ár sráideanna, beidh sé le fáil inár láithreacha oibre freisin.

Ba chóir d'earcaíocht san earnáil phoiblí ag féachaint le dul i ngleic le héagothroime chiníochais agus éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn ar feadh na sochaí. Is éard atá i gceist le cuimsiú dáiríre ná timpeallacht a chruthú go réamhghníomhach ina mbeidh gach duine in ann a bheith rannpháirteach. Sa chomhthéacs sin, tá freagracht ar an Stát a chinntiú go gcruthaíonn sé deiseanna cothroma do na seirbhísí poiblí atá ann agus a bheidh ann chun seirbhísí an stáit a sheachadadh sa dá theanga, iad siúd nach raibh aon taithí acu roimhe seo ar an teanga san áireamh.

Táimid ag súil le hoibriú leis na páirtithe ábhartha chun tacú le cuspóirí Acht na dTeangacha Oifigiúla a sheachadadh, agus gabhaim buíochas libh arís as bhur gcuireadh chun an cur i láthair seo a thabhairt inniu.

Go raibh maith agaibh.